# Fógra

Tá Ceamaraí Éide á n-úsáid ag an nGarda Síochána timpeall ar an stáisiún Gharda seo agus taobh istigh dá theorainn. Ba chóir a thabhairt faoi deara nuair a bhíonn Ceamaraí Éide ar siúl déantar taifeadadh fuaime agus fístaifeadadh leo agus go stórálfar na sonraí ar feadh 31 lá ar a laghad sula scriosfar iad. Má tá luach mar fhianaise ag na sonraí arna dtaifeadadh le Ceamaraí Éide, stórálfar an taifead sin i gcomhréir le beartais an Gharda Síochána maidir le fianaise.

Is féidir le ball de phearsanra an Gharda Síochána Ceamaraí Éide a oibriú chun na príomhchuspóirí seo a leanas: (a) cionta coiriúla a chosc, a imscrúdú, a bhrath nó a ionchúiseamh; (b) cosaint i gcoinne bagairtí ar an tslándáil phoiblí, lena n-áirítear sábháilteacht phoiblí agus ord poiblí a áirithiú; (c) slándáil an Stáit a chosaint; (d) pionóis choiriúla a fhorghníomhú.

Is é Coimisinéir an Gharda an Rialaitheoir Sonraí le haghaidh píosaí scannáin ó cheamaraí éide arna stóráil, agus rinneadh feidhmeanna a tharmligean chuig an bPríomh -Cheannfort áitiúil chun críocha chruthúnas coincheapa seo na gceamaraí éide. Is féidir tuilleadh eolais ar Chur Chuige an Gharda Síochána i dtaca le Cosaint Sonraí a fháil ar shuíomh gréasáin an Gharda: https://www.garda.ie/en/information-centre/data-protection/ lena n-áirítear an chaoi is féidir le hábhair sonraí iarratas ar rochtain ar shonraí pearsanta maidir leo a chur isteach.

# Notice

An Garda Siochana are using Body Worn Cameras (BWCs) in the vicinity and confines of this Garda station. It should be noted if Body Worn Cameras are activated they record both audio and video and the data will be stored for a minimum of 31 days before being deleted. If the recorded BWC data is of evidential value, then the footage will be stored in line with Garda evidential policies.

A member of Garda personnel can operate BWCs for the following principal purposes: (a) the prevention, investigation, detection or prosecution of criminal offences; (b) safeguarding against, and the prevention of, threats to public security, including securing public safety and public order; (c) the protection of the security of the State; (d) the execution of criminal penalties.

The Garda Commissioner is the Data Controller for stored BWC footage, with functions delegated to the local Chief Superintendent for the purposes of this BWC proof of concept. More information on An Garda Síochána's approach to data protection is available on the Garda website: https://www.garda.ie/en/information-centre/data-protection/ including how data subjects can submit a subject access request for personal data concerning them.

**www.garda.ie**

